An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

**Ciorclán 0042/2025**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna.**

# Scéim Deontais le haghaidh Bonneagar TFC

## Réamhrá agus Cuspóir

Tá infheistíocht atá ionann agus thart ar €200m sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 mar bhonn leis an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027, ag soláthar leanúnachais maoinithe i ndiaidh an €210m a eisíodh do scoileanna chun tacú leis an straitéis roimhe seo. Eisíodh maoiniú deontais de €100m ó ghealltanas an PFN de €200m do scoileanna faoin Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027, lena n-áirítear €50m a eisíodh i mí Aibreáin 2024.

Tá méid €35m á eisiúint chuig gach scoil incháilithe anois mar íocaíocht deontais.

Tá faisnéis leagtha amach thíos faoi chúlra na scéime seo, faoi na rátaí agus faoin incháilitheacht le haghaidh an chistiúcháin sin. Eiseofar an íocaíocht sin chuig cuntas bainc na scoile sna seachtainí atá le teacht. **Ní gá do scoileanna iarratas a dhéanamh ar an gcistiú deontais seo**.

Mar a leagadh amach i gciorcláin roimhe seo maidir le Maoiniú Deontais TFC don Straitéis Dhigiteach, ní mór do scoileanna Pleananna Foghlama Digiteacha a bheith acu. Is doiciméad straitéiseach é an plean foghlama digiteach atá deartha chun treoir agus feabhas a chur ar leabú na teicneolaíochta digití i gcleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe. Forbraíodh é i gcomhréir leis an gcreat foghlama digiteach agus cabhraíonn sé le scoileanna riachtanais a aithint agus tosaíochtaí a shocrú mar chuid den phróiseas feabhsúcháin scoile, lena n-áirítear bonneagar TFC agus foghlaim ghairmiúil a chuireann bonn faoi úsáid an mhaoinithe deontais TFC a sholáthraítear. Treisíonn na pleananna foghlama digiteacha an tacaíocht seo agus bíonn siad mar bhonn eolais do riachtanais oiliúna agus tacaíochta. D’fhéadfadh go mbeadh gá na Pleananna seo a chur isteach chun maoiniú deontais do bhonneagar TFC a ghnóthú amach anseo, agus tá sé beartaithe sampla beag ionadaíoch de scoileanna a roghnú chun a bpleananna foghlama digiteacha a athbhreithniú tar éis eisiúna na ndeontas seo. Is é aidhm an athbhreithnithe eolas a sholáthar faoin gcaoi is fearr chun cabhrú le scoileanna ina bpleanáil foghlama digiteach, agus a chinntiú go bhfuil an maoiniú á úsáid go héifeachtach agus go cuí. Déanfar teagmháil leis na scoileanna roghnaithe amach anseo agus tacófar leo chun a bpleananna foghlama digiteacha a sholáthar. Tá tuilleadh eolais faoi Phleanáil Foghlama Digiteach ar fáil thíos.

## An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna

Tá beartas na Roinne maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú san oideachas leagtha amach sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027, agus sa Phlean Feidhme a ghabhann leis.

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis lán-acmhainn a bhaint as na teicneolaíochtaí digiteacha chun eispéiris foghlama daltaí a athrú ionas go mbeidh deis ag gach foghlaimeoir an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth orthu a ghnóthú chun an domhan digiteach atá de shíor ag athrú a láimhseáil.

Chun an cuspóir seo a bhaint amach, beidh gá le maoiniú a sholáthar chun tacú le scoileanna infheistíocht a dhéanamh ina mbonneagar TFC agus é a chothabháil, rud a bheidh ina thosaíocht go leanúnach ag an Straitéis.

## Gnéithe na Scéime Deontais

### Pleanáil:

- Eiseofar an scéim deontais TFC thar thréimhse feidhme na Straitéise, bunaithe ar an méid €200m a gealladh faoin bPlean Forbartha Náisiúnta.
- Ní mór do gach scoil Plean Foghlama Digiteach a bheith acu, bunaithe ar chur chuige scoile uile agus aird á tabhairt ar chomhthéacs agus imthosca na scoile. Ba cheart breac-chuntas a thabhairt sa phlean ar fhís na scoile le haghaidh teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú agus ba cheart spriocanna agus gníomhartha le haghaidh feabhais agus forbartha a bheith mar chuid de.
- Ba cheart an Plean Foghlama Digiteach a athbhreithniú agus a nuashonrú, ar bhonn bliantúil ar a laghad, agus ba cheart é a úsáid chun caiteachas an chistiúcháin deontais seo a threorú chun teicneolaíochtaí digiteacha a leabú go héifeachtach isteach i gcur chuige céimnithe comhleanúnach chun torthaí foghlama a fheabhsú.
- Ní mór do gach scoil ráiteas inrochtaineachta gréasáin a bheith aici mar a éilítear faoi Threoir Inrochtaineachta Gréasáin (WAD) an AE, trasnaithe i ndlí na hÉireann trí I.R. 358/2020. Tá fáil ar thacaíocht do scoileanna chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ar shuíomh gréasáin an Údaráis Náisiúnta Míchumais, toisc gurb é sin an comhlacht atá freagrach as maoirseacht agus cur i bhfeidhm na treorach. https://nda.ie/monitoring/eu-web-accessibility-directive.

### Cistiú:

- Féadfar an cistiú a úsáid le haghaidh cineálacha éagsúla bonneagair a cheannach. Áirítear leo sin, i measc nithe eile, gléasanna teagaisc,

gléasanna d'fhoghlaimeoirí, lena n-áirítear gléasanna comhroinnte, teilgeoirí, trealamh líonraithe, uirlisí néalbhunaithe, ardáin foghlama, feidhmchláir bogearraí agus oideachais, agus trealamh eile atá ceaptha chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim sa scoil. Tá tuilleadh faisnéise maidir le míreanna a fhéadfar a cheannach leis an gcistiú sin sna haguisíní.
- Féadfar an cistiú a úsáid freisin chun teicneolaíochtaí digiteacha a sholáthar chun tacú le foghlaim dhifreáilte agus shainoiriúnaithe.
- Féadfar an cistiú a úsáid freisin chun cabhrú le scoileanna sonraíochtaí agus curaclaim atá nua agus athbhreithnithe a chur chun feidhme ag leibhéil na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Féadfar é a úsáid freisin chun cabhrú le gníomhaíochtaí foghlama eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice a chur chun feidhme.
- Chun an deontas atá dlite do gach scoil a ríomh, baineadh úsáid as foirmle chaighdeánach cistiúcháin ina bhfuil cnapshuim ráta chomhréidh agus méid per capita araon le haghaidh gach dalta atá rollaithe.
- Tá ráta breisithe per capita i bhfeidhm maidir le daltaí atá rollaithe i scoileanna DEIS agus i scoileanna speisialta agus maidir le daltaí i ranganna speisialta i suíomhanna bunscoile príomhshrutha.
- Chun críocha méid per capita a ríomh, cuirtear gach dalta a leanann cláir bhunscoile agus iar-bhunscoile aitheanta san áireamh i mbunscoileanna, i scoileanna speisialta aitheanta agus in iar-bhunscoileanna aitheanta.
- Gheobhaidh iar-bhunscoileanna a ghearrann táillí an cistiú ag ráta 50%.
- Tacófar leis an scéim trí threoir agus faisnéis maidir le cúrsaí teicniúla agus soláthair a chur ar fáil do scoileanna agus dá gceannairí, atá ar fáil sna haguisíní.
- Ní mór an cistiú a úsáid chun trealamh TFC a cheannach agus ceanglaítear ar scoileanna leas a bhaint as socruithe bunaithe soláthair phoiblí. Tá tuilleadh faisnéise faoi threalamh cuí agus faoi shaincheisteanna soláthair, lena n-áirítear naisc ábhartha, ar fáil sna haguisíní.
- Ba chóir do scoileanna tacú le rochtain chothrom ar bhonneagar TFC i measc na ndaltaí uile, ionas gur féidir leo dul lán-úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí digiteacha atá beartaithe i bplean foghlama digiteach na scoile. D'fhéadfadh, mar shampla, scéimeanna iasachta le haghaidh gléasanna a bheith mar chuid de seo.
- Ní mór taifid ar chaiteachas agus doiciméid tacaíochta a choimeád agus a bheith ar fáil lena n-iniúchadh, más gá.
- Ní mór do scoileanna a bheith i gcomhlíonadh le Ciorclán: 13/2014 - Deontais ó Chistí Státchiste a Bhainistiú agus Cuntasacht as na Cistí sin.

## Eolas Breise/Ceisteanna
Tá mionsonraí leagtha amach sna hAguisíní a ghabhann leis an gCiorclán seo.

Ba chóir ceisteanna maidir le feidhmiú na scéime deontais seo a sheoladh chuig ictpolicy@education.gov.ie.

Clare Connolly
Príomhoifigeach (Ag Gníomhú)
Beartas Digiteach do Scoileanna Bealtaine 2025

…..

# Clár

[Aguisíní](#) ..... 6
**1. An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna agus tacaíochtaí ábhartha.** ..... 6
Comhthéacs Scoile agus Pleanáil: ..... 6
Ceisteanna chun cuidiú le scoileanna sa phróiseas pleanála: ..... 6
**2. Trealamh agus Bonneagar a fhéadfar a cheannach faoin Scéim Deontais TFC** ..... 8
Seomraí ranga nó limistéir teagaisc eile: ..... 8
Seomraí Ríomhaireachta (más infheidhme): ..... 9
**3. Múnla leithdháilte maoinithe bainteach leis an Deontas Bonneagair TFC** ..... 10
**4. Treoir agus faisnéis** ..... **Error! Bookmark not defined.**
Pleanáil Foghlama Digiteach ..... 11
Bonneagar ..... **Error! Bookmark not defined.**
Acmhainní do mhúinteoirí atá ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha don teagasc agus don fhoghlaim ..... 11
FGM ..... **Error! Bookmark not defined.**
Suíomhanna Gréasáin eile ..... 12
**5. Maoiniú Deontas, Bainistíocht agus Comhlíonadh** ..... 13
An ASTA (Earnálacha Neamh-BOO) ..... 13
Scoileanna BOO ..... 14
Nósanna Imeachta Tairisceana agus Coinneáil Taifead ..... 14
Ról an Bhoird Bhainistíochta ..... 15

# Aguisín 1

**1. An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna agus tacaíochtaí ábhartha.**
Tógfaidh an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027 ar éachtaí na Straitéise Digití do Scoileanna 2015-2020, chun leanúint de theicneolaíochtaí digiteacha a leabú i scoileanna na hÉireann agus í mar fhís “Scoileanna a chumasú le húsáid a bhaint as deiseanna an athraithe digitigh chun inniúlacht dhigiteach a fhorbairt agus éiceachóras digiteach oideachais chun foghlaimeoirí cumasacha, rannpháirtíocha, gníomhacha a fhorbairt agus tacú leo barr a gcumas a bhaint amach agus páirt a ghlacadh go hiomlán mar shaoránaigh dhomhanda i ndomhan digiteach.”

I gColún 2 den Straitéis leagtar béim ar ról bhonneagar TFC maidir le tacú le cleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe i scoileanna.

### Comhthéacs Scoile agus Pleanáil:

- Tá gach scoil uathúil agus dá bhrí sin ní mór di a cás ar leith a chur san áireamh agus í ag pleanáil d’úsáid na teicneolaíochta digití, lena n-áirítear cuspóirí agus tosaíochtaí.
  Ba chóir do scoileanna a chinntiú go ndéantar monatóireacht rialta ar a bPlean Foghlama Digiteach agus go ndéantar é a athbhreithniú uair sa bhliain ar a laghad chun a chinntiú go léiríonn sé an dul chun cinn atá déanta agus aon athruithe ar thosaíochtaí ó thaobh úsáid na teicneolaíochta digití don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú.

### Ceisteanna chun cabhrú le scoileanna sa phróiseas pleanála:

Tá an próiseas pleanála foghlama digiteach ailínithe leis an bpróiseas féinmheasúnaithe scoile. Tá FMS bunaithe ar anailís mhachnamhach maidir lena bhfuil ag obair go maith i scoil agus nithe a fhéadfaí a fheabhsú. Beag beann ar dhíriú ar thosaíochtaí náisiúnta nó ar thosaíochtaí scoile-shonracha, seo iad i gcónaí na ceisteanna bunúsacha FMS do scoil:

- Conas atá ag éirí linn? Conas a bhfuil a fhios againn?
- Cad iad ár láidreachtaí? Conas is féidir linn tógáil ar ár láidreachtaí?
- Cad iad na réimsí atá le feabhsú againn?
- Conas is féidir linn feabhsú?

Tá sé mar aidhm ag na ceisteanna seo a leanas treoir a thabhairt do scoileanna agus iad ag scrúdú an chaoi a dtugann siad aghaidh ar an bpróiseas FMS thuasluaite ina bpleanáil foghlama digiteach.

…..

.

1. Cad é fís ár scoile maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú?
2. An léiríonn ár bplean foghlama digiteach fís agus tosaíochtaí reatha ár scoile maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú?
3. Cad iad ár láidreachtaí i dtéarmaí teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú?
4. Cad iad na réimsí atá le forbairt againn i dtéarmaí teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú?
5. Conas atá ár bplean foghlama digiteach ailínithe leis an bpleanáil scoile-uile agus le réimsí beartais eile? An féidir linn tosaíochtaí indéanta agus teoranta ó thaobh ama de a aithint inár bPlean Foghlama Digiteach?
6. Cad iad na spriocanna atá sainaitheanta don bhliain seo i bplean foghlama digiteach reatha ár scoile? Cad iad na teicneolaíochtaí (i.e. trealamh TFC agus Bonneagar TFC) a thacóidh leis an scoil chun ár bhfís a bhaint amach?
7. Cén chomhairle agus tacaíochtaí bainteach le teicneolaíocht dhigiteach ar féidir linn a rochtain chun cabhrú linn, agus cé atá freagrach astu seo?
8. Conas a dhéanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar ár bplean foghlama digiteach?
9. Conas is féidir guth an fhoghlaimeora a ghabháil inár bpleanáil foghlama digiteach?
10. Conas is féidir rannpháirtíocht tuismitheoirí a áireamh sa phleanáil foghlama digiteach agus conas is féidir tacú leo?

Níl na ceisteanna thíos le cur san áireamh sa phlean foghlama digiteach, ach ba chóir do scoileanna dul i ngleic leo seo nuair a bhíonn a gcur chuige agus a gceanglais maidir le maoiniú an Deontais TFC a chaitheamh á mbreithniú.

1. Cén obair atá déanta chun aghaidh a thabhairt ar chibearshlándáil? Cad iad na pleananna chun aghaidh a thabhairt ar na ceanglais seo? (Tá comhairle ar fáil ar shuíomh gréasáin Oide Teicneolaíocht san Oideachas, eolas ar fáil thíos).
2. An bhfuiltear tar éis dul i ngleic le riachtanais na treorach maidir le hinrochtaineacht suíomhanna gréasáin agus aipeanna, atá leagtha amach ag https://nda.ie/monitoring/eu-web-accessibility-directive? Cad iad na pleananna atá i bhfeidhm chun na ceanglais seo a chomhlíonadh? (m.sh. dul i ngleic leis an NDA chun tacaíocht a fháil.)

# Aguisín 2

## Trealamh agus Bonneagar a fhéadfar a cheannach faoin Scéim Deontais TFC

- Gléasanna Ríomhaireachta Teagaisc: D'fhéadfadh ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid nó gléasanna hibrideacha a bheith san áireamh leis seo (tabhair faoi deara, tá meicníocht tarraingthe anuas dhírigh ann do scoileanna chun ríomhairí deisce agus ríomhairí glúine a cheannach ag www.spu.ie chun an próiseas a dhéanamh níos sruthlínithe agus níos inrochtana). D'fhéadfadh trealamh a bheith san áireamh leis seo chun DCG a sholáthar.
- Gléasanna Ríomhaireachta do fhoghlaimeoirí: D'fhéadfadh ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid nó gléasanna hibrideacha a bheith san áireamh leis seo. D'fhéadfadh trealamh a bheith san áireamh leis seo chun DCG a sholáthar.
- Teilgeoirí lena n-áirítear teilgeoirí gearrthéarmacha nó rí-ghearrthéarmacha, teilgeoirí fadteármacha, idirghníomhacha, nó painéil chothroma idirghníomhacha (PCIanna).
- Trealamh líonraithe (m.sh. líonrú seasta agus gan sreang, agus lena n-áirítear cáblaí, lasca agus suiteáil).
- Uirlisí agus feidhmchláir scamall bhunaithe chun tacú leis an bhfoghlaim.
- Ardáin foghlama – is feidhmchláir scamall bhunaithe iad seo a úsáidtear go ginearálta chun tacú leis an bpróiseas teagaisc agus foghlama.
- Bogearraí, aipeanna, uirlisí agus trealamh áitiúil chun tacú le foghlaim, lena n-áirítear foghlaim dhifreáilte agus phearsantaithe.
- Trealamh TFC Eile: D'fhéadfadh gnéithe TFC ábhartha agus oiriúnacha a bheith san áireamh leis seo le húsáid chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú. Áirítear ar liosta táscach (cé nach liosta uileghabhálach é) trealamh closamhairc amhail ceamaraí físe agus ceamaraí soilse, cainteoirí, teicneolaíochtaí cur i láthair idirghníomhacha, amharcléiritheoirí, agus trealamh lena n-áirítear tralaí ríomhaire glúine/táibléid soghluaiste, agus printéirí.
- Is féidir an maoiniú seo a úsáid freisin chun tacú le réitigh chibearshlándála scoile.
- Is féidir an maoiniú a úsáid freisin chun trealaimh a ceannaíodh leis an maoiniú seo a chothabháil agus a dheisiú.

### Seomraí ranga nó limistéir teagaisc eile:

- Ní mór do mhúinteoirí i seomraí ranga rochtain a bheith acu ar ríomhaire teagaisc oiriúnach agus ar theilgeoir digiteach nó ar phainéal cothrom idirghníomhach (PCI).
- Is faoin scoil atá an rogha ríomhaire teagaisc, ach d'fhéadfadh ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, táibléid, gléasanna hibrideacha nó teaglaim díobh seo a bheith i gceist.

### Seomraí Ríomhaireachta (más infheidhme):

- Ba chóir go mbeadh ríomhaire teagaisc, ríomhairí daltaí (ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, nó táibléid), printéir agus teilgeoir digiteach nó painéal cothrom idirghníomhach (PCI) i ngach seomra ríomhaireachta.
- Is faoin scoil atá an rogha maidir le ríomhaire dalta. Féadfaidh scoileanna ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, táibléid nó teaglaim díobh seo a úsáid.

# Aguisín 3

## Múnla leithdháilte maoinithe bainteach leis an Deontas Bonneagair TFC

1. Gheobhaidh gach bunscoil, iar-bhunscoil agus scoil speisialta cnapshuim €2,000 (€1,000 i gcás scoileanna a ghearrann táillí) in aghaidh na scoile.
2. Íocfar méid per capita mar seo a leanas:
    a. €25.33 in aghaidh an dalta príomhshrutha atá ar na rollaí an 30 Meán Fómhair 2023 i mbunscoileanna príomhshrutha.
    b. €30.40 in aghaidh an dalta riachtanas speisialta atá ar na rollaí an 30 Meán Fómhair 2023, i ranganna speisialta atá ceangailte le scoileanna príomhshrutha, agus in aghaidh an dalta i scoileanna speisialta.
    c. €27.86 in aghaidh an dalta atá ar na rollaí an 30 Meán Fómhair 2023 i mbunscoileanna DEIS.
    d. €30.40 in aghaidh an dalta príomhshrutha atá ar na rollaí an 30 Meán Fómhair 2023 in iar-bhunscoileanna.
    e. €33.44 in aghaidh an dalta atá ar na rollaí an 30 Meán Fómhair 2023 in iar-bhunscoileanna DEIS.
    f. €15.20 in aghaidh an dalta atá ar na rollaí an 30 Meán Fómhair 2023 i scoileanna a ghearrann táillí.

# Aguisín 4

## Treoir agus faisnéis

### Pleanáil Foghlama Digiteach

- Is féidir teacht ar eolas faoi Phleanáil Foghlama Digiteach ag https://www.oidetechnologyineducation.ie/projects-initiatives/planning/ (agus trí shuíomh gréasáin digiteach ag https://www.dlplanning.ie/, a forbraíodh chun tacú le scoileanna teicneolaíochtaí digiteacha a leabú ina gcuid teagaisc, foghlama agus measúnaithe).
- Má tá ceisteanna ar leith ag scoileanna maidir leis an bPleanáil Foghlama Digiteach, is féidir iad a ardú ag https://www.dlplanning.ie/contact/

### Bonneagar

- Is féidir comhairle TFC maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a fháil ag https://www.oidetechnologyineducation.ie/technology-infrastructure/.
- Má tá ceisteanna ar leith ag scoileanna maidir le comhairle TFC is féidir na ceisteanna sin a sheoladh ar ríomhphost chuig ictadvice@oide.ie.

### Acmhainní agus tacaíochtaí chun teicneolaíocht dhigiteach a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú.

- Leabharlann Físeáin Dea-Chleachtas.

  Fiosraigh sraith físeán a léiríonn dea-chleachtas in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha
  https://www.oidetechnologyineducation.ie/videos/

- Sábháilteacht Ar Líne Webwise

  Aimsigh acmhainní oideachais, comhairle agus treoir saor in aisce a chuireann úsáid shábháilte agus éifeachtach an idirlín chun cinn do leanaí agus do dhaoine óga, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí: https://www.webwise.ie/.

- Tairseach Scoilnet

  Rochtain ar bhreis is 24,000 acmhainn dhigiteach atá ailínithe leis an gcuraclam do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna
  www.scoilnet.ie

FGM

- Foghlaim Ghairmiúil

  Féach ar acmhainní agus cúrsaí maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú:

  https://www.oidetechnologyineducation.ie/courses-practice/

- Is féidir faisnéis a bhaineann le forbairt ghairmiúil maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú a rochtain ag https://www.oidetechnologyineducation.ie/courses-practice/ , https://teachercpd.ie/, https://www.oidetechnologyineducation.ie/courses-practice/schoolsupport/ tríd an ionad oideachais áitiúil www.esci.ie agus trí mheáin sóisialta ábhartha na n-eagraíochtaí sin.

- Déanfar forbairt ghairmiúil bhreise ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú a fhorbairt agus a chur ar fáil le linn thréimhse na Straitéise.

Suíomhanna gréasáin eile

Tá suíomhanna gréasáin eile a chuireann comhairle agus faisnéis chabhrach eile ar fáil maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú:

- http://ncse.ie
- http://www.ncca.ie/en/

# Aguisín 5

## Maoiniú Deontas, Bainistíocht agus Comhlíonadh

1) Íocfar deontais faoin Scéim Bonneagair TFC go díreach isteach i gcuntas bainc na scoile, bunaithe ar na critéir incháilitheachta atá leagtha amach. Ní gá do scoileanna an maoiniú seo a éileamh. Amhail gach deontas ón státchiste, ní mór d'údaráis scoile a bheith in ann taifid mhionsonraithe a sholáthar faoin gcaoi a caitheadh an maoiniú a cuireadh ar fáil faoin scéim seo. Ní mór gach caiteachas maidir leis an scéim a dheimhniú agus ní mór do scoileanna a bheith in ann a chruthú gur úsáideadh an caiteachas ar bhonneagar digiteach a cheadaítear faoin scéim. Ní mór sonraisc agus admhálacha a choinneáil i gcás go ndéanann an Roinn agus/nó ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste cigireacht iniúchta. Is gá do scoileanna sonraí na luachana a fuarthas, sonraisc, admhálacha agus aon taifid ábhartha eile a choinneáil i leith gach caiteachais ar feadh tréimhse seacht mbliana. Ní mór do scoileanna, ar iarratas, ráiteas i scríbhinn a sholáthar don Roinn faoi chaiteachas an deontais agus aon iarmhéideanna atá ann agus aon fhaisnéis ábhartha eile. Má dhúnann scoil go buan, ní mór aon iarmhéid atá sa chuntas a thabhairt ar ais don Roinn ar an dáta a thagann deireadh le feidhmiú na scoile. Coimeádann an Roinn an ceart aici féin íocaíochtaí amach anseo a choinneáil siar ó scoileanna de bharr neamhchomhlíonadh aon cheann de théarmaí na Scéime seo.

2) Ní mór don bhonneagar TFC a roghnaítear le ceannach a bheith de réir an liosta leathan bonneagair údaraithe mar atá leagtha amach i Roinn 3 san Aguisín seo.

3) Ní mór do scoileanna a chinntiú go gcomhlíontar Ciorclán: 13/2014, Bainistíocht agus Cuntasacht Deontas ó Chistí an Státchiste. Féach: DPER-Ciorclán-13-14-Nóta-Treorach agus Riachtanais-Tuairiscithe-1.pdf.

### An ASTA (Earnálacha Neamh-BOO)

Ní mór do gach Bunscoil, Meánscoil Dheonach, Scoil Phobail agus Scoil Chuimsitheach aitheanta cuntais a chur faoi bhráid an Aonaid um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (ASTA) gach bliain. Sásaíonn sé seo an dualgas faoi Alt 18 den Acht Oideachais 1998 do scoileanna a gcuntais a sholáthar lena n-iniúchadh ag an Aire. Féadfaidh an ASTA iniúchadh a dhéanamh ar scoileanna mar chuid dá chlár oibre leanúnach chun tacú le scoileanna maidir le cúrsaí rialachais airgeadais agus iad a chumasú chun cloí le forálacha an Acht Oideachais 1998 i dtéarmaí cuntasachta, trédhearcachta agus freagrachta airgeadais as cistí Stáit.

## Scoileanna BOO

Déanann an Ard-Aighne agus Ciste Gnóthaí Eachtracha iniúchadh ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla na mBord Oideachais agus Oiliúna agus cuirtear faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad, agus tugann Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí BOO dearbhú do Choiste Iniúchóireachta na mBord Oideachais agus Oiliúna go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh mar atá á chur i bhfeidhm ag an mbainistíocht feidhmiúcháin leordhóthanach agus go bhfeidhmíonn sé go héifeachtach.

## Nósanna Imeachta Tairisceana agus Coinneáil Taifead

Ní mór gach ceannachán a bheith i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta um Sholáthar Poiblí. Ba cheart leas a bhaint as Creataí ceannaigh TFC atá ann cheana toisc go simplíonn siad an próiseas um threalamh TFC a cheannach do scoileanna. I dTreoracha ón Oifig um Sholáthar Rialtais tá treoracha chun cabhrú le scoileanna orduithe a dhéanamh trí shásra an Chreata a úsáid. Ba cheart do scoileanna teagmháil a dhéanamh leis an Aonad um Sholáthar do Scoileanna le haghaidh tuilleadh faisnéise agus tacaíochta, de réir mar is gá, ag www.spu.ie. Ba cheart cúram a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirfear sonraíochtaí teicniúla comhionanna faoi bhráid gach díoltóra tráth na hiarrata ar mheastacháin scríofa.

Ag obair i gcomhairle leis an Aonad um Sholáthar do Scoileanna, le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus le Oide-TiE, bhunaigh an OSR sásra díreach íostarraingthe do scoileanna le haghaidh Ríomhairí Deisce, Ríomhairí Glúine agus Gléasanna Hibrideacha a cheannach, rud a fhágann nach gá do scoileanna meastacháin a fháil. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag www.spu.ie.

Tá faisnéis faoi na Creataí TFC atá ann cheana ar fáil ag www.spu.ie. Chun naisc a rochtain ar shuíomh gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais, ba cheart do scoileanna clárú mar cheannaitheoirí ar shuíomh gréasáin an OSR ag www.ogp.gov.ie.

Má bhíonn trealamh nach bhfuil aon chreat TFC i bhfeidhm ina leith á cheannach, moltar do scoileanna teagmháil a dhéanamh leis an Aonad um Sholáthar do Scoileanna chun tuilleadh comhairle agus faisnéise a iarraidh. Freisin, ba cheart do scoileanna féachaint ar an gcomhairle ó Oide Teicneolaíocht san Oideachas ag: https://www.oidetechnologyineducation.ie/technology-infrastructure/, i ndáil lena riachtanais theicniúla agus ansin féachaint leis an luach is fearr ar airgead a bhaint amach trí mheastacháin scríofa a fhoinsiú i gcomhréir leis na rialacha soláthair phoiblí.

Ba cheart do scoileanna an doiciméad dar teideal '**Treoir do Scoileanna maidir le Dea-Chleachtais Soláthair**' ón Aonad um Sholáthar do Scoileanna, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Aonaid ag www.spu.ie agus an fhaisnéis ón Oifig um Sholáthar Rialtais ag www.ogp.gov.ie a léamh.

.....

Ról an Bhoird Bhainistíochta

Ní mór don Bhord Bainistíochta sraith nósanna imeachta lena rialaítear ceannach a bhunú agus ba cheart na socruithe a leagan amach maidir le tairiscintí a lorg le haghaidh earraí agus le hiad a cheannach, maidir le sonraisc a íoc agus maidir le taifid chuntasaíochta a choimeád. Tá na rialacha sin leagtha amach go soiléir sa doiciméad dar teideal 'Treoir do Scoileanna maidir le Dea-Chleachtais Soláthair', atá ar fáil lena íoslódáil ón nasc seo - https://www.spu.ie/publications-2/procurement-guide/.

## Críoch